31 Márta 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 91







## RAIDIÓ NA GAELTACHTA @ 50

Cothrom 50 bliain ó shin an deireadh seachtaine seo a chuaigh Raidió na Gaeltachta ar an aer den chéad uair ar an 2 Aibreán 1972. Is iomaí rud atá bainte amach ag an tseirbhís ó shin agus ní fhéadfaí anois saol na Gaeltachta a shamhlú dá uireasa. Is cinnte gur thacaigh sé go mór leis na pobail Gaeltachta a thabhairt le chéile agus is cinnte go bhfuil i bhfad níos mó aithne ag muintir na Gaeltachta ar a chéile agus ar phearsain mhóra na nGaeltachtaí éagsúla agus na Gaeilge. Cinnte, cuireadh le heolas agus le tuiscint ar chanúintí na Gaeilge, cuireadh ardán ar fáil le ceisteanna an tsaoil mhóir a phlé i nGaeilge agus cruthaíodh agus cothaíodh foclóir na Gaeilge. Cuireadh borradh faoin amhránaíocht thraidisiúnta, spreagadh amhráin nua le stíl ceoil nua sa nGaeilge agus cuireadh go mór le cartlann an dúchais idir ceol, amhráin agus an focal béil. Bhí Meaití Jó Shéamais Ó Fátharta as na hAille, Sean Ó Tuairisg as an Lochán Beag agus Mike P Ó Conaola as an Sidheán sa Spidéal ar thriúr den seachtar clár reachtairí a fostaíodh le dul i mbun cláracha i 1972. Craolfar ceolchoirm ar leith le hoirfidigh as na ceantair Ghaeltachta ar fad i gcomhluadar Cheolfhoireann Shiansach RTÉ ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ag 7.00 i.n ar an Satharn 2 Aibreán, agus craolfar ar líne é chomh maith, ag an nasc seo. Go maire RnaG a nuaíocht agus go mba fada buan é.

## 'TRÓCAIRE' I ROS MUC

Beidh **'Léiriú na Cosanta'** taispeántas grianghrafadóireachta, atá curtha le chéile ag an eagraíocht charthanachta TRÓCAIRE, á oscailt go hoifigiúil ar an Luan 4ú Aibreán, in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, i Ros Muc, ag 6i.n. 'Sí Caoimhe de Barra, Príomhfheidhmeannach Thrócaire, a seolfaidh é. Portráidí de na mná agus na fir chróga a bhfuil Trócaire ag obair leo agus atá ag cur in aghaidh gnólachtaí ar an mórscála ar mhaithe lena bpobal a chosaint, a bheas le

feiceáil ann. Tá an taispeántas seo saor in aisce, agus is féidir níos mó eolais a fháil faoi anseo.

## COLÁISTE CHOLMCILLE AG TECH FÉILE

Ar an Déardaoin 10 Márta chuaigh muid siar ar an gCeathrú Rua ag **Tech Féile**. D'oibrigh muid i ngrúpaí sula ndeachaigh muid siar agus chuir muid róbat le chéile. Bhí Ciarán, Diarmaid agus Charlie sa ghrúpa céanna liomsa. Bhí muid in aghaidh scoileanna eile sna dúshláin a bhí orainn a shárú leis an róbat. Bhí orainn rudaí ar nós cupáin agus sféir a chur i gcoirnéil chun pointí a fháil don fhoireann. Ba throid a bhí sa dúshlán deiridh, bhí orainn iarracht a dhéanamh gan an róbat a chur isteach sna poill a bhí ar an gclár. Dá dtitfeadh tú isteach i gceann de na poill, bhí tú amuigh. D'éirigh linn an dara háit a fháil. Fuair muid an deis oibriú freisin le trealamh podchraolta agus trealamh a thaispeáin réaltacht fhíorúil dúinn. Thaitin an lá go mór liom.

Aonghus Ó Fátharta, Bliain a Dó a scríobh.








## OIBRÍ ÓIGE DO CHLUB ÓIGE RÉALT NA MARA

Tá post páirtaimseartha mar Oibrí Óige ar fáil le Muintearas do Chlub Óige Réalt na Mara sna Forbacha. Beidh an tOibrí Óige ag obair le coiste an chlub le himeachtaí a reáchtáil, an club a bhainistiú agus roinnt oibre riaracháin a dhéanamh. Beidh go leor teagmhála ag an Oibrí Óige le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige freisin a thugann tacaíocht agus cúnamh don chlub. Le cur isteach ar an bpost is féidir teagmháil a dhéanamh le muintearas@muintearas.com nó is féidir níos mó eolais a fháil ag 083 010 6294

## FOLÚNTAS LE FÍBÍN

Tá post páirtaimseartha mar fháilteoir á thairiscint ag **Fíbín** sa Taibhdhearc. Le spéis a léiriú sa phost déan teagmháil le Caitríona ag eolas@fibin.com Is féidir níos mó eolais a fháil faoin obair a bhíonn ar siúl ag Fíbín sa Taibhdhearc anseo.

## ÓCÁID TEAGHLAIGH LE TEANGA TÍ

Tá ócáid teaghlaigh bheo á reáchtáil ag **Teanga Tí** ar an Satharn 2ú Aibreán, i nGaillimh. Cuirfear fáilte roimh theaghlaigh teacht ag *'Jump Lanes'* na Gaillimhe le haghaidh spraoi, comhluadar agus comhrá. Cuirfear tús leis an imeacht @ 4i.n. Iarrfar ar thuismitheoirí clárú roimh ré ach teagmháil a dhéanamh le padraig@glornangael.ie Is féidir níos mó eolais a fháil faoi imeachtaí Teanga Tí anseo.




## GLANTACHÁN AN EARRAIGH

Tá Glantachán an Earraigh á reáchtáil ag an bhFochoiste Timpeallachta de chuid Cumann Forbartha Chois Fharraige an deireadh seachtaine seo chugainn ar an Satharn agus ar an Domhnach 9/10ú Aibreán. Níor eagraíodh aon ghlantachán ann le dhá bhliain anuas de bharr srianta Covid. Beidh an glantachán ag díriú ar na bóithríní bailte agus ar Bhóthar Chois Fharraige. Le páirt a ghlacadh sa nglantachán, níl le déanamh ach teacht chuig Seanscoil Sailearna ag 10.00 r.n. Beidh miotógaí agus málaí ar fáil ann. Sa gcás nach féidir le duine a bheith ann ag an am sin ar cheachtar den dá lá, ach atá ag iarraidh cúnamh a thabhairt, is féidir dul amach ag am a d'fheilfeadh an duine féin, ach a chur in iúl don Chumann Forbartha cén bóithrín atá déanta agus cén áit a bhfuil mála le piocadh suas. Is féidir an t-eolas a sheoaldh chuig an gCumann Forbartha tré ríomhphost a sheoladh chuig cumannforbartha@gmail.com.



## FOLÚNTAIS AG ÓSTÁN CHOIS FHARRAIGE

Tá **Óstán Chois Fharraige** sa tóir ar dhaoine cumasacha le bheith mar bhaill dá bhfoireann. I measc na bpost atá ar fáil tá freastalaí don bhialann agus beár, don ionad aclaíochta agus don rannóg comhdhála agus féasta. Tá postanna mar bhainisteoir dualgais, mar fháilteoir agus mar phóirtéir oíche á dtairiscint freisin. Le suim a léiriú nó le tuilleadh eolais a fháil is féidir CV a

sheoladh chuig dan.regan@connemaracoast.ie nó joanna.fitzgerald@connemaracoast.ie

## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Sé **LPT Tobar Dhuibhne** a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Beidh Eibhlín Uí Iarlaithe i mbun cainte ar an Máirt 5ú Aibreán agus scríbhneoireacht agus cumadóireacht do dhaoine óga a bheas á phlé aici. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin ach teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com.

## MAIDIN CHAIFÉ DO THEAGHLAIGH AR ATHLÓ

Tá Maidin Chaifé do theaghlaigh atá ag tógail a gclann le Gaeilge, a bhí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, ar athló, de bharr cúinsí gan choinne. Bhí an ócáid le bheith ar siúl ar an Luan 4ú Aibreán @ 11r.n. Baileofar le chéile go luath arís. Má tá smaointe nó moltaí ag tuismitheoirí idir an dá linn, is feidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.


Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294



Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite